



*Scoil Chualann*  
*Uimhir Rolla :19584k*

Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

Tréimhse mheastóireachta: **Meán Fómhair 2013 - Meitheamh 2014**

Dáta eisiúna na tuairisce: Feabhra 2015

## ***Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile***

### **1. Réamhrá**

Rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i Scoil Chualann le linn na tréimhse Meán Fómhair 2013 go Meitheamh 2014. Le linn na meastóireachta, rinneadh meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim sna hachair churaclaim seo a leanas:

- Litearthacht Gaeilge (Éisteacht)

Chas foireann na scoile le cigirí na Roinne i Meitheamh 2013 chun an próis eas féinmheastóireachta a phlé .

Mhol siad an méid a bhí curtha i gcrích ag foireann na scoile ó bhí Measúnú Scoil Uilig againn. Ba léir go rabhamar ar an mbóthar ceart ach mhol siad dúinn díriú ar ghnéithe áirithe de na hábhair. Thugamar faoin obair seo i Meán Fómhair na bliana 2013.

Seo tuairisc ar thátail na meastóireachta.

#### **1.1 Comhthéacs na scoile**

*Is scoil lánGhaelach í seo. Tá an príomhoide ag siúl. Is scoil aonsruthach í. Tá naonúr múinteoirí ranga, múinteoir tacaíocht foghlama, múinteoir acmhainne agus múinteoir acmhainne/ tacaíocht foghlama páirtaimseartha ar an bhfoireann. Tá beirt chúntóirí riachtanais speisialta ar an bhfoireann chomh maith. Tá 236 páiste ag freastal ar an scoil. Cuireadh an-bhéim ar chúrsaí tinrimh ag tús na bliana i leabhrán a cuireadh abhaile agus tá an -fheabhas ar an tinreamh i mbliana.*

#### **2. a Na tátail Gaeilge**

- Tá dearcadh an-dearfach ag na páistí (88.1% Is maith liom Gaeilge, ceistneoir na bpáistí) i leith na Gaeilge
- Is maith le 93% de na páistí an Ghaeilge ( CF. ceistneoir na dtuismitheoirí)
- Síleann 16.3% de na tuismitheoirí nach bhfaigheann siad eolas ón scoil ar chonas atá ag éirí leis na páistí sa Ghaeilge
- Tá na múinteoirí den tuairim gur gá na hardranganna a spreagadh le níos mó Gaeilge a labhairt eatarthu féin sa chlós
- Rinneadh anailís ar thrialacha Ghaeilge Dhroim Conrach. Tá na peircintíl don éisteacht níos ísle ná na peircintíl don léitheoireacht

#### **3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo**

- Cuireadh tús le comhfhúinteoireacht i rang 1 (scileanna éisteachta Gaeilge) le linn na scoilbhliana 2012/13
- Rinneadh leathnú ar "Aistear" agus tá an clár á úsáid anois i Rang N2
- Cuireadh níos mó béime ar straitéisí luath-idirghabhála (beirt oidí i mbun Aistir sna ranganna naíonán), comhfhúinteoireacht do scileanna litearachta i ranganna 1 agus 2
- Leagan nua den scéim choicise/ cuntas míosúil in úsáid , tá béim ar na spriocanna foghlama sa leagan seo
- Tá moltaí curtha ag tuismitheoirí chun cabhrú leo caighdeán liteartha a bpáistí a fheabhsú
- Tá forbairt déanta ar pholasaí measúnaithe na scoile agus tá fillteáin fhéinmheastóireachta dá gcuid féin ag na páistí anois rud a chintíonn go bhfuil na páistí

níos gníomhaí san fhoghlaim, go naithníonn siad gnéithe dá gcuid oibre atá go maith agus go dtugann siad faoina gcuid spriocanna foghlama pearsanta féin.

#### **4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile**

##### **4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:**

- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama ar ardchaighdeán (CF Tuairisc na Roinne 9 Deireadh Fómhair 2012)
- Táimid an-bhródúil as caigdeán Gaeilge na bpáistí sa scoil seo
- Tá timpeallacht foghlama spreagúil, tarraingteach sa scoil seo
- Tá pleananna fadtéarma agus gearrthéarma ullmhaithe agus ar fáil
- Tá scéim choicise/ cuntas míosúil deartha againn a chuireann béim ar shainchuspóirí foghlama agus ar dhifreálú chun freastal ar riachtanais na ndaltaí aonair
- Coiméadtar taifid leanúnacha gnóthachtála maidir le dul chun cinn na daltaí go léir sa scoil

##### **4.2 Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin:**

- Torthaí foghlaimeora: Spriocanna foghlama maidir leis an nGaeilge ag tosú le hÉisteacht
- Straitéisí na héisteachta a mhúineadh go sonrach
- An plean scoile Gaeilge a fhorbairt ó thaobh na héisteachta de
- Tuilleadh béime a chur ar fheidhmeanna teanga Scoil Chualann
- Éispéiris Foghlama na bpáistí : Ag foghlaim conas foghlaim. Beidh fillteáin féinmheastóireachta dá gcuid féin ag gach páiste. (Tá tús curtha leis na fillteáin seo cheana féin)
- Achar ama rialta do theicníocht an eolais, spriocanna cinnte do gach rang maidir le teicníocht an eolais

##### **4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialála seo a leanas:**

- Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
- Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe
- Cosaint sonraí